

Coláiste Feirste
Polasaí Measúnaithe

2020-21

Intreoir

Is ionann an polasaí seo agus ráiteas rúin agus creatlach le haghaidh gníomhaithe maidir le cúrsaí measúnaithe i gColáiste Feirste. Is próiseas é an measúnú, chun fianaise a bhailiú, a anailisiú agus a léirmhíniú do dhaltaí agus do mhúinteoirí chun tabhairt faoi luacháil, phleanáil agus fhorbairt na foghlama. Tá an measúnú lárnach i soláthar an churaclaim agus mar chuid riachtanach den chleachtas ranga éifeachtach.

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag polasaí measúnaithe Choláiste Feirste tosaíochtaí churaclaim na scoile a bhaint amach idir measúnú suimitheach agus measúnú foirmitheach (measúnú chun foghlama). Fríd na tosaíochtaí curaclaim, úsáidtear na sonraí agus fianaise foghlama uile chun an teagasc a dhéanamh freagrach do riachtanais foghlama ár ndaltaí. Cuirtear béim ar cheiliúradh na foghlama d'achan dalta, is cuma cén cúlra nó ábaltacht intleachtach atá acu. Tá fócas ar leith ar an tsármhaitheas phearsanta d'achan dalta aonarach. Tá an próiseas measúnaithe uile scoile comhtháite fríd an tsoláthar don churaclam agus lárnach i ndea-chleachtas sa tseomra ranga.

Táscairí don Dea-chleachtas

De réir ISEF (2017) bíonn measúnú sa scoil éifeachtach nuair:

- the pupils make good progress from their prior levels of attainment, particularly at key transition stages;
- through appropriate intervention and support, most pupils demonstrate consistent progress commensurate with their abilities and the barriers they face in learning;
- the pupils have high expectations for themselves and set appropriate targets for improvement;
- the pupils are supported well to assess their own work and to identify to good effect strengths and areas for improvement;
- the pupils act on high quality feedback to improve their work;
- the school assessment policy reflects statutory requirements and whole school understanding about the purpose of effective assessment, the methods to be used, the range and type of evidence to be retained, and the uses made of the assessment information; and
- the pupils receive, understand and apply appropriate verbal and written feedback from teachers on their progress in learning, including on their self-management and persistence; which leads to improvement.
- middle leaders analyse and use accurate data effectively to track the pupils' progress, and intervene as necessary;
- middle leaders monitor and evaluate the quality of the work in their area of responsibility, including the impact of planning, teaching and assessment on the pupils' learning and progress.

Tréithe den dea-chleachtas sa phróiseas measúnaithe de réir PFS

- 1. Tacaíonn measúnú leis an fhoghlaim agus cuireann sé chun tosaigh é.**
 - Sainiithnítear cad é atá ar eolas ag daltaí agus cad é is féidir leo a dhéanamh.

- Déantar eispéireas foghlama a fheabhsú trí chomhsheasmhacht na measúnuithe sa roinn.
- Déantar monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn daltaí.
- Sainiithnítear suimeanna agus stíleanna foghlama daltaí.
- Sainiithnítear láidreachtaí agus laigí san fhoghlaim.
- Spreagtar suim agus dul chun cinn san fhoghlaim.

2. **Soláthraíonn measúnú eolas don phleanáil - Tá an teagasc freagrúil**

- Tacaítear le planáil ceachta (Intinní Foghlama, Critéir Ratha, seisiún iomlánach).
- Ardaítear feasach don ábhar agus réimse scileanna sna scéimeanna.
- Athbhreithnítear réimse straitéisí foghlama agus oideolaíochtaí nua.
- Déantar monatóireacht leanúnach ar an chur chuige teagasc.
- Déantar féinluacháil don fheabhsúchán maidir le dearadh agus cur chuige na measúnuithe.

3. **Tá measúnú foirmitheach agus suimitheach lámh ar lámh**

- Tugtar aischothú rialta agus fiúntach (ceistiú éifeachtach mar straitéis)
- Sainiithnítear deacrachtaí foghlama.
- Déantar gnóthachtáil daltaí a mheas.

- Tugtar spriocmharcanna agus spriocghráid don fheabhsúchán.
- Cuirtear difreálú chun cinn (de réir sonraí measúnuithe).
- Tacaítear le roghanna gairmeacha iar 16 agus BI10.
- Tugtar eolais do thuismitheoirí ar dul chun cinn dalta.

4. **Úsáidtear straitéisí atá oiriúnach d'fheidhm na measúnuithe**

- Déantar measúnú foirmitheach agus suimitheach a bhunú ar an phlean foghlama comhaontaithe roinne (scéim).
- Freastalaítear ar réimse leathan stíleanna foghlama agus scileanna de réir riachtanais ábhar.
- Déantar iarracht próiseas caighdeánaithe agus modhnóireachta a dhéanamh fríd leibhéal comónta marcála agus tuairiscithe trasna na n-ábhar uilig.

5. **Déantar ceiliúradh ar an dul chun cinn (iarracht san áireamh)**

- Déantar ceiliúradh ranga, roinne agus eochairchéime don iarracht agus gnóthachtáil.
- Cuirtear straitéisí I bhfeidhm chun muinín a spreagadh agus féinmheas mar fhoghlaimeoir.
- Tugtar deiseanna chun foghlaimeoirí neamhspleácha a chothú.

6. **Cothaítear na scileanna i ndaltaí chun iad a chumasú mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha**

- Timthriall foghlama agus scéimeanna foghlama mínithe agus roinnte go luath.
 - Scileanna stáidéar cothaithe sna hábhair agus fríd clár tréadchúram.
 - Aischothú fiúntach tugtha agus treoirtugtha ar an bhealach chun í a úsáid.
 - Tacaíocht tugtha ar féinmheasúnú agus piar-mheasúnú a dhéanamh.
 - Rannpháirtíocht a spreagadh i luacháil na foghlama agus leagadh síos spriocanna.
7. **Úsáidtear na sonraí don tréadchúram agus foghlaim a thaifead agus a thuairisciú.**

Nádúr an Mheasúnaithe.

Tarlaíonn measúnú i bhfoirmeacha difriúla sa scoil. Bíonn an measúnú leanúnach agus comhsheasmhacht i gcroílár an chur chuige scoile. Beidh plean/polasaí measúnaithe (mar pháirt do na pleananna foghlama) ag gach roinn a dhéanann cur síos ar –

- 1- Na hamanna a dtarlaíonn na measúnuithe.
- 2- An t-eolas, na coincheapa agus na scileanna atá á meas ag an roinn.
- 3- Na modhanna aischothaithe a úsáideann an roinn le daltaí.

Struchtúr an Mheasúnaithe sa Scoil.

- (a) Braitheann modhanna an mheasúnaithe leanúnaigh ar nádúr an ábhair. Is féidir gné ar bith d'obair an pháiste a mheas, idir ghné labhartha, scríofa nó phraiticiúil. Beidh seo ag brath ar éilimh an churaclaim don ábhar agus nádúr an ábhair. Beidh an obair seo aitheanta sna scéimeanna oibre.
- (b) Beidh 4 mheasúnú ag tarlú ag amanna áirithe le linn na bliana mar chuid den chlár foghlama phearsanaithe. Beidh measúnú ann ag Oíche Shamhna, ag an Nollaig, ag sos leatárma Feabhra, agus ag an tsamhradh. Beidh torthaí an mheasúnaithe curtha

isteach ar SIMS Assessment Manager. Beidh scéimeanna marcála aontaithe ag gach roinn roimh ré chun leanúnachas marcála a chinntiú. Beidh measúnaithe na ndaltaí bunaithe ar an scéim oibre roinne.

Cineál measúnuithe	Cur síos	Samplaí	Am scála
Suimitheach	Measúnú ar an Fhoghlaim. Tomhas ar ghnóthachtáil dalta ag deireadh tréimhse teagaisc.	Scrúduithe poiblí, Scrúduithe inmheánacha (bréagscrúduithe), measúnú deireadh aonaid, measúnú bonnlíneach.	Scrúduithe Inmheánacha: Nollag, Oíche Shamhna, Márta, Samhradh.
Foirmitheach	Measúnú ar son Foghlama. Próiseas leanúnach a sholáthraíonn fianaise ar an fhoghlaim don dul chun cinn. Sainithnítear deacrachtaí foghlama, tugtar aischothú agus leagtar síos tosaíochtaí foghlama.	Obair ranga, OB, ceistiú éifeachtach, scrúdú béal, cur I láthair, taighde, tionscadal praiticiúil.	Leanúnach
Féin-mheasúnú	Déantar daltaí a spreagadh chun úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin fríd: <ul style="list-style-type: none"> • Ag déanamh luachála ar a gcuid oibre ag úsáid an critéir ratha. • Ag sainithint láidreachtaí agus laigí. • Ag leagadh síos spriocanna aonaracha don dul chun cinn. 	Ráiteas pearsanta dalta (UCAS) Timthriall foghlama an dalta Piar agus féin-mheasúnú sa tseomra ranga.	Leanúnach

Monatóireacht na Foghlama

Déanfaidh na cinn roinne monatóireacht ar phróiseas an mheasúnaithe trí chruinniú roinne, tógáil an chóipleabhair (breathnú ar obair Google Classroom), breathnuithe ranga, modhnóireachta agus caighdeánú, scéimeanna marcála agus scrúduithe inmheánacha scoile agus, i bpáirtnéireacht leis an mhúinteoir ranga, moltaí forbartha a thabhairt mas gá.

Don phróiseas caighdeánaithe, déanfaidh CÁ cruinnithe roinne chun luacháil a dhéanamh ar chaighdeán agus ar dheardh na measúnuithe i gcomhthéacs na scéime agus an chohóirt daltaí ag an am. Tá laethanta inseirbhíse measúnuithe fócasaithe ar chaighdeánú agus rianú daltaí a chuireann luach leis an mhonatóireacht agus modhnóireacht sa roinn.

Úsáidtear sonraí na measúnuithe uile scoile chun monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn daltaí sna ranna trí phróiseas rianaithe daltaí agus Assessment Manager. Tugtar spriocmharc (%) do dhaltáí EC3 bunaithe ar na sonraí bonnlíneacha, meánmharc an bhliain roimhe, fianaise foghlama agus breith phroifisiúnta múinteora. Tugtar spriocghrad aonarach do dhaltáí EC4 bunaithe ar fhianaise foghlama, meánmharc an bhliain roimhe (BI12/14), breith phroifisiúnta múinteora agus measúnuithe suimitheacha. Déantar na sonraí a iontráil in Assessment Manager chun gnóthachtáil dalta a mheas. Fríd sonraí Assessment Manager agus plé roinne, déantar na daltaí a rianú agus pleanáil don idirghábháil dalta nuair is gá.

Tá grad iarrachta (rannpháirtíocht, dearcaidh, iarracht) chomh tábhachtach leis na gráid mheasúnaithe agus mar sin glacann achán roinn seo san áireamh sa phróiseas monatóireachta. Úsáidtear sonraí PASS chun pictiúr níos doimhne a fháil ar na saincheisteanna tréadchúramacha agus bacainní foghlama ina bhfuil daltaí ag deileáil leo.

Déanfaidh na cinn roinne monatóireacht ar phróiseas an mheasúnaithe trí:

- Marcáil agus dearadh measúnuithe atá caighdeánaithe.
- Modhnóireacht inmheánach i rith cruinnithe roinne.
- Monatóireacht ar iontráil sonraí ar Assessment Manager.
- Anailís a dhéanamh ar na sonraí ag leibhéal múinteoir aonarach agus níos doimhne ag leibhéal roinne (Tearcghnóthachtáil/Ró/Cuar foghlama/Rannpháirtíocht)
- Athbhreithniú ar na measúnaithe caighdeánaithe inmheánacha féin.
- Monatóireacht thuairiscí na Nollag agus an tSamhraidh.

Déanfaidh an príomhoide, leas-phríomhoide agus foireann ceannaireachta scoile monatóireacht ar an phróiseas measúnaithe trí

luacháil a dhéanamh ar:

- Polasaithe na roinne (scéimeanna/polasaí measúnaithe/marcanna/spriocmharcanna).
- Cruinnithe rialta leis an LPO chun anailís staitisticiúil agus idirghábháil a phlé.
- Luacháil chaighdeáin an mheasúnaithe inmheánacha.
- Monatóireacht ar dhaltáí le riachtanais bhreise foghlama.
- Luacháil an chóipleabhair/Google Classroom.
- Trusted Colleague Network (TCN).

Ag marcáil agus ag tabhairt aischothú

Is uirlis fhíorthábhachtach í marcáil agus ag tabhairt aischothú fiúntach don dul chun cinn dalta agus teagasc freagrúil a chinntiú.

Léirítear dea-chleachtas fríd mharcáil atá leanúnach agus rialta fríd na ranna uilig agus de réir polasaithe roinne agus scoile.

Cuirtear béim ar an mharcáil dhearfach agus aischothú a thabhairt a spreagann daltaí don fhoghlaim agus dul chun cinn atá de dhíth don forbairt agus dul chun cinn.

Aidhmeanna na marcála

- Déanta go gasta agus go rialta.
- Déanta de réir intinní foghlama agus scéimeanna foghlama,
- Gnóthachtáil daltaí a shainaitheint.
- Dul chun cinn a mhonatóiriú.
- Saincheisteanna foghlama a shainaitheint.
- Daltaí a spreagadh.
- Bunaithe ar theanga intuigthe don dalta agus dírithe ar fheabhsú san ábhar.

Tuairisciú.

Beidh torthaí measúnaithe leanúnacha tuairiscithe chuig daltaí & tuismitheoirí ar bhonn leanúnach le linn na bliana.

Beidh na torthaí mar abhair pléite idir daltaí & mhúinteoirí foirme, go téarmúil chun daltaí a spreagadh agus chun misneach a chothú iontu. Beidh féinbhreathnóireacht déanta ag daltaí ar na tuairiscí seo fríd FSO agus Gairm chun spriocanna a bheartú agus plean gnímh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm

Beidh tuairiscí bliantúla ar dhul chun cinn an dalta seolta chuig na tuismitheoirí s'acu ina mbeidh scór rannpháirtíocht/forbairt scileanna ar an dul chun cinn s'acu san ábhar sin. Beidh ráitis ar fhorbairt acadúil an dalta ón mhúinteoir ábhair agus ráitis ón mhúinteoir foirme ar fhorbairt shóisialta agus TC an dalta uair sa bhliain.

Achoimre ar thairsead Assessment Manager agus tuairiscí scoile

Tuairiscí agus Assessment Manager 2020_21														
	Oíche Shamhna				Nollag				Márta	Samhradh				
	R1 + *SM/G	Ráiteas múinteora	Ráiteas MF	Iarracht	R2 + *SM/G	Ráiteas múinteora	Ráiteas MF	Iarracht	R3+ *SM/G	R4 + *SM/G	Ráiteas múinteora	Ráiteas MF	Iarracht	
Bl8	✓	✗	✗	✗	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	
Bl9	✓	✗	✗	✗	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	
Bl10	✓	✗	✗	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗	✓	✓	
Bl11	✓	✗	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓			✓	
Bl12	✓	✗	✗	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗		✓	
Bl13	✓	✗	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓			✓	
Bl14	✓	✗	✗	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓			✓	

*SM/G: SPRIOC MHARC (EC3) GRÁD (EC4/5)

Ról agus dualgais na foirne

Leas-Phríomhoide um Curaclaim

Tá sé mar dhualgas ag an LPO monatóireacht a dhéanamh ar an chóras iomlán measúnaithe scoile leis na bainisteoirí eochairchéime agus ceannairí ábhair ar na saincheisteanna sainiúla sna bhliainghrúpaí.

Ceannairí Ábhair

Tá sé mar dhualgas ag na ceannairí ábhair chun an polasaí measúnaithe scoile a neadú i gcleachtas agus scéimeanna na roinne.

Beidh dea-chleachtas le feiceáil fríd:

1. Comhsheasmhacht na pleanála roinne (eagrú measúnú 'téarma le teacht').
2. Tascanna measúnuithe a dtéann lámh ar lámh leis na pleananna foghlama.
3. Próiseas caighdeánaithe (dearadh, marcáil, aischothú, tuairisciú).
4. Sonraí na measúnaithe a úsáid chun an teagasc a dhéanamh freagrach.
5. Monatóireacht leanúnach ar sonraí Assessment Manager.
6. Féinluacháil roinne (daltaí, foireann).
7. Cumarsáid le ceannairí bliana faoin timpeallacht foghlama, iompair don fhoghlaim agus dearcaidh.

Múinteoirí Ábhar

Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir riar ar fhoghlaim an dalta aonaraigh.

Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir tabhairt faoi phleananna aonair na ndaltaí ar de réir staideanna RSO fríd WEP agus SEP (An Leabhrán Eolas).

1. Cuir na polasaithe agus scéimeanna chun cinn sna ranganna.

2. Marcáil, aischothú agus tuairisciú atá fiúntach agus bunaithe ar chomhaontú roinne a leanstan.
3. Taifead a choinneáil do na daltaí (tinreamh, iompair, measúnú, tréadchúram) fríd **lesson monitor** agus/nó dialann múinteora.
4. Aischothú a thabhairt do dhaltaí ar an dul chun cinn agus scil a chothú iontu ar an dóigh chun na haischothaithe a úsáid don fheidhm.
5. Cumarsáid le CÁ/CB maidir le tacaíocht de dhíth.

Oifigeach scrúduithe

Déanann an t-oifigeach scrúduithe cumarsáid le CÁ agus múinteoirí faoi aon eolas nó gníomh atá le déanamh maidir le scrúduithe seachtracha. Oibríonn an t-oifigeach scrúduithe leis an LPO agus rúnaí RSO ar choiste measúnaithe chun ardchaighdeán na scrúduithe seachtracha a chinntiú faoi choinníollacha JCQ.

